**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Fhorbairt*

**2023/2129(DEC)**

25.1.2024

# TUAIRIM

ón gCoiste um Fhorbairt

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, Roinn III – An Coimisiún (2023/2129(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Antoni Comín i Oliveres



*Aontaithe san éagsúlacht*

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Fhorbairt ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á chur in iúl gur cúis mhór imní di an méadú atá ag teacht ar líon na ngéarchéimeanna ar fud an domhain, an bhearna chistiúcháin dhaonnúil is airde riamh agus neamhionannais mhéadaitheacha idir agus laistigh de thíortha atá ag dul in olcas mar gheall ar ionsaí na Rúise gan údar agus gan chúis san Úcráin, rud a chuir leis an ngéarchéim dhomhanda bia, a spreag géarchéim fuinnimh, costais mhaireachtála agus fiachais ar fud an domhain agus a chruthaigh éiginnteacht eacnamaíoch; á chur in iúl gur cúis bhuartha di freisin tionchar méadaitheach polaitiúil agus eacnamaíoch na Síne san Afraic agus cur isteach na Rúise ar an mór-roinn sin; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil brú as cuimse ar an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta ICFCI - An Eoraip Dhomhanda agus nach leor í chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais atá ann cheana; á iarraidh go ndéanfadh na Ballstáit a áirithiú nach slógfar an cúlchiste ach amháin chun na gcríoch sin laistigh dá raon feidhme beartaithe;

2. á chur in iúl gur geal léi an straitéis 'Global Gateway' mar fhreagairt chomhbheartaithe ón Aontas ar dhúshláin dhomhanda; á thabhairt dá haire gurbh í 2022 an chéad bhliain iomlán de chur chun feidhme na straitéise Global Gateway; á chur i bhfios go láidir nach mór gníomhaíochtaí lena dtugtar le chéile infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a dhíriú ar réimsí inar féidir leo breisluach a chur leis an ngeilleagar áitiúil agus a bheith comhsheasmhach le cuspóirí forbartha agus straitéisí náisiúnta na dtíortha comhpháirtíochta, chomh maith le Clár Oibre 2030, SDGanna agus Comhaontú Pháras; á iarraidh go mbeadh níos mó trédhearcachta, cuntasachta agus measúnuithe rialta ann ar chur chun feidhme Global Gateway chomh maith le rannpháirtíocht na Parlaiminte, thar ról breathnóra shimplí, i roghanna straitéiseacha lena mbaineann cistí an Aontais i ndáil le ról grinnscrúdaithe na Parlaiminte ar ICFCI - An Eoraip Dhomhanda, arb í príomhfhoinse mhaoinithe Global Gateway í; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún a áirithiú go rannchuideoidh tionscadail a bhrandáiltear faoi straitéis Global Gateway leis na cuspóirí forbartha a leagtar síos i Rialachán ICFCI - An Eoraip Dhomhanda; á áitiú gur cheart do Global Gateway ní hamháin ailíniú le tosaíochtaí an Aontais ach freisin le riachtanais na dtíortha comhpháirtíochta agus rannchuidiú le baint amach na spriocanna forbartha inbhuanaithe;

3. á chur i bhfios go láidir gur gá dlús a chur leis an dul chun cinn maidir le spriocanna caiteachais ICFCI - An Eoraip Dhomhanda a bhaint amach le haghaidh forbairt dhaonna, inscne, bithéagsúlacht agus cuspóirí aeráide; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, go háirithe, cumas an Choimisiúin a áirithiú go mbainfear amach sprioc aeráide 30 % na hIonstraime agus an sprioc bhithéagsúlachta de 10 % do 2026 agus 2027; á mheabhrú go mbainfidh cailliúint na bithéagsúlachta agus na seirbhísí éiceachórais an bonn den dul chun cinn i dtuairim is 80 % de spriocanna SDGanna agus go gcuirfidh an t-athrú aeráide brú níos mó ar tháirgeadh agus ar rochtain ar bhia, go háirithe i réigiúin leochaileacha, rud a bhainfidh an bonn den chothú agus den tslándáil bia; á iarraidh go ndéanfaí gníomhaíochtaí nithiúla ina leagfar amach an chaoi a mbainfear amach na spriocanna aeráide agus bithéagsúlachta; á mheabhrú go leagtar amach gealltanas chun gné láidir inscne agus príomhshruthú inscne a áirithiú, agus Plean Gníomhaíochta III an

Aontais maidir le hInscne á chur chun feidhme;

4. ag meabhrú tiomantas an Choimisiúin 10 % ar a laghad de phunann forbartha an Aontais a thiomnú chun tacú le rochtain ar oideachas ardcháilíochta; á chur in iúl gur geal léi an dul chun cinn atá déanta go dtí seo agus á iarraidh go leanfadh an Coimisiún den ghealltanas sin a chur chun feidhme; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún, thairis sin, ról a thabhairt do ghníomhaithe áitiúla a bhfuil taithí ábhartha acu maidir le hoideachas ar ardchaighdeán a chur ar fáil i gcur chun feidhme mhaoiniú an Aontais don oideachas i dtíortha atá i mbéal forbartha;

5. á chur in iúl gur cúis bhuartha di ídiú an chúlchiste laistigh de ICFCI - An Eoraip Dhomhanda; á áitiú go dtabharfaidh an Coimisiún fógra don Pharlaimint i gcónaí sula ndéantar an cúlchiste a shlógadh, agus ceart grinnscrúdaithe na Parlaiminte á urramú aige agus go gcuirfidh an Coimisiún barúlacha na Parlaiminte san áireamh go hiomlán maidir leis an gcineál, na cuspóirí agus na méideanna airgeadais atá beartaithe; á chur i bhfáth go bhfuil an Pharlaimint freagrach as maoirseacht agus grinnscrúdú daonlathach a dhéanamh ar ionstraim ICFCI - An Eoraip Dhomhanda mar chomhreachtóir faoin nós imeachta comhchinnteoireachta; ag tathant ar an gCoimisiún ina ghníomhaíochtaí amach anseo an cuspóir tosaigh atá le cúlchistí a chaomhnú, is é sin freagairt do ghéarchéimeanna gan choinne; á thabhairt dá haire gur slógadh EUR 501 milliún in 2022 ó chúlchiste ionstraim ICFCI - An Eoraip Dhomhanda mar chuid den chúnamh déthaobhach don Úcráin; á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, an togra chun ionstraim nua a chruthú, an tSaoráid don Úcráin, chun tacaíocht airgeadais intuartha a chur ar fáil don Úcráin thar thréimhse 2024-2027;

6. á chur i bhfáth go bhfuil ról ag eagraíochtaí neamhrialtasacha áitiúla agus ag comhpháirtithe áitiúla maidir le soláthar seirbhísí agus tacaíocht do phobail áitiúla; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar a gcumas gníomhaíochtaí arna maoiniú ag an Aontas a bhainistiú agus a chur chun feidhme agus á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún oiliúint leormhaith a éascú i dtreo na sprice sin; á chur in iúl gur cúis bhuartha di na deacrachtaí leanúnacha atá ag eagraíochtaí beaga áitiúla rochtain a fháil ar chistiú ón Aontas; ag spreagadh an Choimisiúin feabhas a chur ar na nósanna imeachta cistiúcháin sin agus tús áite a thabhairt go córasach d'eagraíochtaí áitiúla chun fothú acmhainneachta níos fearr a chur ar fáil ar an láthair; á thabhairt chun suntais éifeachtúlacht na húinéireachta áitiúla i gcur chun feidhme tionscadal maidir le tosaíocht a thabhairt, acmhainní a leithdháileadh agus fios gnó áitiúil a fhorbairt;

7. á chur i bhfáth go bhfuil ról tábhachtach ag an gcúnamh oifigiúil um fhorbairt (ODA); á thabhairt dá haire go bhfuil an tAontas Eorpach agus a 27 mBallstát le chéile fós ar an soláthraí cúnaimh sheachtraigh is mó ar domhan, arb ionann é agus thart ar 43 % den ODA iomlán a chuir deontóirí ODA uile ECFE ar fáil do thíortha i mbéal forbartha in 2021; ag meabhrú na hoibleagáide faoi Rialachán ICFCI - An Eoraip Dhomhanda go gcomhlíonfadh 93 % de chistiú na hIonstraime critéir ODA; á chur i bhfáth nach féidir le cumasc agus comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí amháin rochtain uilíoch ar infheistíochtaí poiblí i réimsí amhail oideachas, cosaint shóisialta nó cúram sláinte a ráthú, ná ionadú a dhéanamh ar infheistíochtaí poiblí sna réimsí sin, lena gcuirtear ionchais ríthábhachtacha fhadtéarmacha ar fáil do chéimniú ón mbochtaineacht agus, dá bhrí sin, ag moladh cur chuige cúramach maidir lena n-úsáid;

8. á iarraidh go ndéanfaí measúnuithe ex ante chun na himpleachtaí agus na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag cláir an Aontais maidir le cearta an duine a chinneadh, go háirithe i dtionscadail a bhaineann le turasóireacht agus cosaint na bithéagsúlachta, agus i gcláir atá dírithe ar dhídeanaithe agus ar an diaspóra freisin;

9. á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún a ráthú nach mbeidh cláir chistiúcháin an Aontais nasctha le cásanna diansmachta trasnáisiúnta, a dhéanann difear do dhídeanaithe, d'iarrthóirí tearmainn agus do shaoránaigh eadóirsithe san Aontas;

10. á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún agus na Ballstáit cláir chistiúcháin an Aontais a chur ar fionraí nó a mhodhnú lena rannchuidítear go (in)díreach le sáruithe ar chearta an duine, go háirithe maidir le cearta na bPobal Dúchasach agus na bPobal Áitiúil (IPLCanna), lena n-áirítear a gceart chun féinchinntiúcháin, talún, saorthionóil, agus toiliú saor, roimh ré agus feasach;

11. á thabhairt chun suntais go bhfuil dlisteanacht agus éifeachtacht chomhar an Aontais um fhorbairt ag brath ar chur chun feidhme ceart gníomhaíochtaí agus ar a gcistiú cuí; ag aithint obair an Choimisiúin maidir le rialuithe a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go ndéanfar idirbhearta ar bhealach dlisteanach agus go gcuirfear gníomhaíochtaí chun feidhme i gcomhréir leis na tosaíochtaí arna leagan síos ag an reachtóir; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún tuilleadh feabhais a chur ar rialuithe chun méid na n-earráidí idirbheartaíochta a laghdú, gníomhú ar mholtaí CIE nár cuireadh chun feidhme agus dlús a chur leis na hiarrachtaí chun tionscadail incháilithe a aimsiú agus chun méid leordhóthanach íocaíochtaí a áirithiú faoin uasteorainn chaiteachais reatha; á chur in iúl gur geal léi toradh thuarascáil CIE maidir le buiséad an Aontais do 2022 gur chuir DG ECHO moladh CIE chun feidhme agus gur bhunaigh sé nós imeachta lena n-áirithítear go mbunaíonn eagraíochtaí comhpháirtíochta a leithdháileadh costas comhroinnte ar chaiteachas a tabhaíodh go hiarbhír;

12. á chur in iúl gur geal léi Tuarascáil Speisialta 14/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'An clársceidealú don Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta — An Eoraip Dhomhanda; Cláir chuimsitheacha ach go bhfuil easnaimh sna modhanna chun cistí a leithdháileadh agus san fhaireachán ar an tionchar'; ag dréim leis go ngníomhóidh an Coimisiún de réir na moltaí a rinne CIE, go háirithe maidir le clársceidealú níos intuartha agus níos trédhearcaí chomh maith le modheolaíocht níos soiléire chun measúnú a dhéanamh ar thionchar thacaíocht an Aontais agus á athdhearbhú, ina leith sin, na moltaí a rinne sé ina rún an 12 Nollaig 2023 maidir le cur chun feidhme ICFCI - An Eoraip Dhomhanda; á mholadh go ndéanfadh CIE tuarascálacha speisialta a ullmhú a bhaineann le caiteachas ar chomhar um fhorbairt agus gnéithe a bhaineann leis an gcomhar um fhorbairt a chumhdach go rialta ina tuarascálacha speisialta maidir le saincheisteanna cothrománacha i gcomhréir leis an bprionsabal maidir le Comhtháthú Beartas ar mhaithe le Forbairt a leagtar amach in Airteagal 208 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

## ANNEX: ENTITIES OR PERSONS FROM WHOM THE RAPPORTEUR FOR THE OPINION HAS RECEIVED INPUT

The rapporteur declares under his exclusive responsibility that he did not receive input from any entity or person to be mentioned in this Annex pursuant to Article 8 of Annex I to the Rules of Procedure.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 24.1.2024 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 18<br>–: 2<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alessandra Basso, Hildegard Bentele, Stéphane Bijoux, Dominique Bilde, Mercedes Bresso, Catherine Chabaud, Christophe Clergeau, Antoni Comín i Oliveres, Mónica Silvana González, Pierrette Herzberger-Fofana, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė, Beata Kempa, Karsten Lucke, Erik Marquardt, Janina Ochojska, Eleni Stavrou, Miguel Urbán Crespo, Bernhard Zimniok |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Carlos Zorrinho |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Riho Terras |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 18 | + |
|---|---|
| ECR | Beata Kempa |
| NI | Antoni Comín i Oliveres |
| PPE | Hildegard Bentele, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė, Janina Ochojska, Eleni Stavrou, Riho Terras |
| Renew | Stéphane Bijoux, Catherine Chabaud |
| S&D | Mercedes Bresso, Christophe Clergeau, Mónica Silvana González, Karsten Lucke, Carlos Zorrinho |
| The Left | Miguel Urbán Crespo |
| Verts/ALE | Pierrette Herzberger-Fofana, Erik Marquardt |

| 2 | - |
|---|---|
| ID | Dominique Bilde, Bernhard Zimniok |

| 1 | 0 |
|---|---|
| ID | Alessandra Basso |

Key to symbols:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh